Research Repository UCD

Title	Ciarán Ó Con Cheanainn 1981-2009
Authors(s)	Ní Úrdail, Meidhbhín
Publication date	2009-12
Publication information	Ní Úrdail, Meidhbhín. “Ciarán Ó Con Cheanainn 1981-2009” 77 (December, 2009).
Publisher	Folklore of Ireland Council
Item record/more information	http://hdl.handle.net/10197/9083

Downloaded 2023-03-15T17:09:45Z

The UCD community has made this article openly available. Please share how this access benefits you. Your story matters! (@ucd_oa)

© Some rights reserved. For more information

Published in *Béaloideas* 77 (2009), 122–4

CIARÁN Ó CON CHEANAINN
1981-2009

Cailleadh Ciarán Ó Con Cheanainn agus é i mbláth na hóige ar 3 Feabhra 2009. Amhránaí cruthanta sean-nóis ab ea é a raibh cáil fé leith bainte amach aige sa bhaile agus i gcéin. Nocht bua an cheoil go luath ina shaol nuair a bhuaigh sé Duais Phléaráca na Bliana 1995 agus Duais Fhleadh Cheoil na hÉireann an bhliain chéanna. Ní raibh sé ach sna déaga óga ag an am, ach ba léir go raibh mórán le teacht ón amhránaí breá sean-nóis seo. Lean sé den amhránaíocht, ag foghlaim agus ag forbairt a cheirde sna ranganna sean-nóis i gColáiste Lurgan, Indreabhán, faoi stiúir Mháire Pheter Uí Dhroighneáin. Go grod ina dhiaidh sin, thosnaigh na gradaim ag teacht ina threo.

Bhuaigh sé Comórtas Sean-Nóis na bhFear ag Oireachtas na Gaeilge sa bhliain 1999. Is sa bhliain chéanna a bhuaigh sé an Comórtas Amhránaíochta Traidisiúnta ag an bhFéile Idirnáisiúnta Phan-Cheilteach agus bhain sé an gradam amach arís an bhliain dar gcionn. Dob é an t-aoi-amhránaí Éireannach é ag *Festival Interceltique* Lorient sa bhliain 2008, an bhliain a bronnadh Corn Uí Riada air ar Oireachtas na Gaeilge. Seacht mbliana fichead a bhí sé an uair sin, an duine ab óige riamh a bhuaigh an gradam náisiúnta sean-nóis seo. Éacht pearsanta dó féin ab ea é, gan amhras — ní raibh sé i bhfad ón duais chéanna fé dhó cheana (an dara háit, 1999 agus 2003). Ba mhór aige, is fíor, an corn san a ardú leis i gCorcaigh ar an gcéad lá de mhí na Samhna, oíche Lá Fhéile na Naomh Uile.

Bíodh is gur thug Ciarán an chraobh leis (agus mórán eile nach í) mar amhránaí sean-nóis feilmeanta, níor lú ná san an chraobh acadúil a tugadh dó ina shaol gairid. Bunchéim le céadonóracha a bhí aige sa Ghaeilge agus sa Tíreolaíocht ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, nuair a d'aistrigh sé go dtí an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, sa bhliain 2002. Luigh sé isteach ar MA sa Nua-Ghaeilge, agus bhain céadonóracha amach sa scrúdú agus dá mhiontráchtas 'Gnéithe de Sheachadadh na nAmhrán Traidisiúnta sa Ghaeilge'. Lean MLitt le gradam a mhórthráchtas 'Clár Amhrán Chois Fharraige' sa bhliain 2005. Cheadaigh staidéaracht thaistil ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann don mac léinn cumasach seo tréimhse thábhachtach phrintíseachta a chaitheamh in Ollscoil Dhún Éideann, mar ar dhírigh sé a chuid staidéir ar an amhrán traidisiúnta sa Ghàidhlig. Leag an spreagadh intleachtúil a fuair sé in Albain bonn tábhachtach don chéad dhúshlán acadúil eile a chuir sé roimhe, mar atá, filleadh ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, sa bhliain 2007, chun díriú ar thaighde scolártha ar an amhrán traidisiúnta in Éirinn. Bhí an tráchtas dochtúireachta, '"An Dá Ghabháil Déag": Staidéar ar Mhúnlaí, Malairtí agus Tionchair Chruthaitheacha i Seachadaíocht an Amhráin Thraidisiúnta' idir lámhaibh go fonnmhar aige go dtí a bhás anaibidh in Earrach na bliana seo.

Fiú agus gan é ach i dtús a shaoil acadúil, bhí Ciarán go bisiúil i mbun foilsiúchán. Tá dhá alt againn uaidh in *The Journal of Music in Ireland* 6 (2006), fara an réamhrá agus nótaí a chuir sé le *Corn Uí Riada: Buaiteoirí 1972-2007* (Indreabhán, 2008), agus le *Grand Airs of Connemara* (le teacht). I dteannta an tráchtais MLitt. atá le foilsiú ag Comhairle Bhéaloideas Éireann, tá an eagarthóireacht (le L. Ó Tuairisg) atá déanta aige ar *Leabhar Mór na nAmhrán* (le teacht). Tá iontrálacha éagsúla uaidh sa leabhar mór céanna, agus san *Encyclopaedia of Music in Ireland* (H. White, B. Boydell, eag., le teacht). Tá, leis, a bhreithiúnas meáite tabhartha aige i léirmheasanna sna hirisí *Comhar*

(Meán Fómhair, 2002), *Éigse* 36 (2008) agus *The Journal of Music in Ireland* 8/4 (2008). Dá éagmais sin, chaith sé go fial lena chuid ama i gcónaí. Bhí sé ina Stiúrthóir ar *Comhar* (2003-5), mar shampla, agus bhí sé ina bhall ar choistí *An Cumann le Béaloideas Éireann* agus *Sean-Nós Cois Life*, chomh maith lena bheith ina Chomhairleoir ag an gComhairle Ealaíon.

I dteannta an chumais neamhchoitianta seo go léir, bhí mianach an mhúinteora agus an dea-léachtóra i Ciarán. Chaith sé na blianta idir 2002 agus 2005 mar Chomhalta de Dhámh na nEalaíon sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ag léachtóireacht ar chúrsaí teanga agus litríochta sa Nua-Ghaeilge ar leibhéal na bunchéime. Ón mbliain 2007, bhí post sealadach aige mar Léachtóir le Nua-Ghaeilge san ollscoil chéanna. Pléisiúr agus pribhléid ab ea i gcónaí é a bheith ag obair leis: bhí sé uasal agus ionraic mar dhuine, ach bhí sé lán de ghreann, leis, greann a bhíodh an-chaolchúiseach go minic. Fear stuama ab ea é a raibh meas mór ag na mic léinn go léir agus ag a chomhghleacaithe air. Thar aon ní eile, áfach, fear ab ea é a raibh de bhua neamhchoitianta aige an traidisiún as ar fáisceadh é agus an oidhreacht shaibhir dar di é a iompar go hálainn, le dínit agus le mórtas ciúin, diongbháilte.

Go deimhin féin, is féidir a ndúirt Máirtín Chóil Neaine Pháidín Mac Donncha le Darach Ó Catháin sa véarsa seo a rá chomh maith anois le Ciarán uasal Ó Con Cheanainn:

‘Má bhíonn sean-nós sna flaithis
beidh coróin ort is tú ’ bheidh i do rí;
beidh na haingil i do thimpeall,
Naomh Peadar, Naomh Pádraig ’s Naomh Bríd;
ó casfaidh tú *stave* dhóibh go hálainn amach ó do chroí,
is má bhíonn Corn Uí Riada ann
is tú an chéad duine a ólfaidh as braon.’

Go bhfaighirse, a Chiaráin uasail, ó Shaile Thúna, do luach saothair síoraí.

Meidhbhín Ní Úrdail